Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Meán Fómhair 2021
(OR. en)

11842/21

LIMITE

ENV 637
CLIMA 249
FORETS 47
AGRI 431
DEVGEN 156
RELEX 784
FAO 30

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 10914/21 + ADD 1 - COM(2021) 572 final + ADD 2 + ADD 3 |
| Ábhar: | Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún<br>Straitéis nua Foraoise AE do 2030<br>- Malartú tuairimí |

1. An 16 Iúil 2021, ghlac an Coimisiún a Theachtaireacht maidir le Straitéis Nua Foraoise, a bhfuil dhá dhoiciméad inmheánacha oibre ag gabháil léi, maidir le Gealltanas Plandála 3 Bhilliún Crann do 2030 agus maidir lena threochlár, agus maidir le Comhairliúchán agus Bonn Fianaise na nGeallsealbhóirí*.

2. Tá an Straitéis Nua Foraoise ar cheann de thionscnaimh shuaitheanta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus cuireann sí le straitéis bhithéagsúlachta an Aontais do 2030. Tá sé mar aidhm léi rannchuidiú le cuspóirí bithéagsúlachta an Aontais, an sprioc maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.

* 10914/21 + ADD 1- COM(2021) 572 final + ADD 2 + ADD 3.

3. Chun struchtúr a chur ar an malartú tuairimí idir na hairí maidir leis an Straitéis Nua Foraoise ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle Comhshaoil a thionólfar an 6 Deireadh Fómhair 2021, d'ullmhaigh an Uachtaránacht páipéar cúlra ina bhfuil dhá cheist, mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an páipéar cúlra ón Uachtaránacht agus ceisteanna a thabhairt dá aire, agus iad a chur ar aghaidh chuig an gComhairle chun tuairimí a mhalartú.

**IARSCRÍBHINN**

**Cruinniú Comhairle na nAirí Comhshaoil**
**an 6 Deireadh Fómhair 2021**
**– Malartú tuairimí –**

***Straitéis nua Foraoise AE do 2030***

**Páipéar cúlra ón Uachtaránacht ina bhfuil ceisteanna do na hairí**

Aithníonn an **Comhaontú Glas don Eoraip** (EGD)[1] foraoiseacht agus bainistiú inbhuanaithe foraoisí mar cheann de na príomhbheartais agus na príomhbhearta chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol. Cuireann EGD i dtábhacht go bhfuil éiceachórais na bhforaoisí faoi bhrú méadaitheach, mar thoradh ar an athrú aeráide, agus gur gá feabhas a chur ar limistéar foraoise an Aontais, ó thaobh cáilíochta agus cainníochta araon. Is iad na príomhchuspóirí ar gá aghaidh a thabhairt orthu ionsú $CO_2$, a mhéadú, minicíocht agus méid dóiteán foraoise a laghdú agus an bithgheilleagar a chur chun cinn, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail éiceolaíocha atá fabhrach don bhithéagsúlacht.

Le **straitéis bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 – An dúlra a thabhairt ar ais inár saol**[2], tugtar aghaidh ar an ngá atá le líon na bhforaoisí a mhéadú agus feabhas a chur ar a sláinte agus a n-athléimneacht, agus aithnítear a thábhachtaí atá foraoisí don bhithéagsúlacht, rialú na haeráide agus uisce, soláthar bia, cógas agus ábhar, ceapadh agus stóráil carbóin, cobhsú ithreach agus íonú an aeir agus uisce. Léirítear inti freisin ról na bhforaoisí mar bhaile nádúrtha áineasa agus foghlama faoin dúlra.

[1] 15051/19 + ADD 1 - COM(2019) 640 final.
[2] 8219/20 + ADD 1 - COM(2020) 380 final.

Ina **Conclúidí maidir leis an mBithéagsúlacht – an gá atá le gníomhaíocht phráinneach**[3], leag an Chomhairle béim ar an ngá atá le gníomhaíocht éifeachtach i ngach earnáil beartais atá ábhartha don bhithéagsúlacht, lena n-áirítear an fhoraoiseacht agus bainistiú inbhuanaithe foraoisí. Leag an Chomhairle béim freisin ar a thábhachtaí atá éiceachórais foraoise shláintiúla athléimneacha, lena gcomhlíontar ilfheidhmeanna, agus a thábhachtaí atá cosaint na bhforaoisí príomhúla atá fanta, lena n-áirítear foraoisí príomhúla agus cianaosta a shainmhíniú, a mhapáil agus faireachán a dhéanamh orthu, lena ndírítear ar chaomhnú na bhforaoisí sin a áirithiú.

**Ina Conclúidí maidir le Peirspictíochtaí i dtaobh bheartais an Aontais a bhaineann le foraoisí agus le straitéis foraoise AE tar éis 2020**[4], d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún comhsheasmhacht agus comhleanúnachas bheartais an Aontais a bhaineann le foraoisí a áirithiú tar éis 2020 agus leag sí béim ar an ngá le haghaidh a thabhairt go straitéiseach ar ilroinnt mhéadaitheach bheartais an Aontais a bhaineann le foraoisí agus feabhas a chur ar a gcomhordú agus a gcomhleanúnachas, go háirithe maidir le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030, Straitéis an Aontais maidir le hoiriúnú agus Dlí Aeráide an Aontais, i measc nithe eile.

**Ina Conclúidí maidir le hEoraip atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a chruthú – straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide** [5], d'aithin an Chomhairle a thábhachtaí atá sé bearta oiriúnúcháin a chomhtháthú a thuilleadh i mbainistiú inbhuanaithe na bhforaoisí, mar shampla de réitigh dhúlrabhunaithe, agus béim á leagan ar ról ilfheidhmeach na bhforaoisí, go háirithe maidir le haeráidí áitiúla a chobhsú agus a fhuarú, timthriallta hidreolaíocha a rialú agus rannchuidiú leis an timthriall carbóin ar bhealach dearfach.

[3] 12210/20.
[4] 12695/1/20 REV 1.
[5] 9694/21.

Ag cur le straitéis bhithéagsúlachta 2030, ghlac an Coimisiún **Straitéis nua Foraoise AE do 2030**[6] (an Straitéis) lena n-aithnítear ról lárnach ilfheidhmeach na bhforaoisí, agus rannchuidiú na bhforaoiseoirí agus an tslabhra luacha uile foraoisbhunaithe chun geilleagar inbhuanaithe a bheidh aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050, agus lena n-áirithítear ag an am céanna go ndéanfar na héiceachórais uile a athbhunú, a chosaint go leordhóthanach agus go mbeidh siad athléimneach. Is é cuspóir uileghabhálach na Straitéise an méid a chuireann an fhoraoiseacht agus an earnáil fhoraoisbhunaithe leis an sprioc glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, a chuirfear chun feidhme leis na bearta a leagtar amach sa phacáiste *Fit for 55*, lena gcuirfear foraoisí in oiriúint don athrú aeráide agus lena gcuirfear stop le cailliúint na bithéagsúlachta.

Agus é mar aidhm **tacú le feidhmeanna socheacnamaíocha na bhforaoisí**, aithnítear sa Straitéis agus tá sé mar aidhm léi borradh a chur faoin mbithgheilleagar inbhuanaithe foraoise ina iomláine a oibríonn i sineirgíocht le huaillmhian mhéadaithe aeráide agus bhithéagsúlachta an Aontais. Chuige sin, tá bearta beartaithe chun bithgheilleagar inbhuanaithe foraoise a chur chun cinn le haghaidh táirgí fadsaolacha adhmaid, lena n-áirithítear go mbainfear úsáid inbhuanaithe as acmhainní adhmadbhunaithe le haghaidh bithfhuinnimh, go gcuirfear bithgheilleagar neamhadhmaid foraoisbhunaithe chun cinn, lena n-áirítear éiceathurasóireacht, agus go bhforbrófar scileanna agus go gcumhachtófar daoine le haghaidh bithgheilleagair inbhuanaithe fhoraoisbhunaithe.

Chun **cosaint, athchóiriú agus méadú fhoraoisí an Aontais** a áirithiú chun an t-athrú aeráide a chomhrac, cailliúint na bithéagsúlachta a aisiompú agus chun éiceachórais foraoise athléimneacha agus ilfheidhmeacha a áirithiú, áirítear sa Straitéis bearta chun na foraoisí deireanacha príomhúla agus cianaosta san Aontas a chosaint, chun athbhunú foraoisí agus bainistiú treisithe inbhuanaithe foraoisí a áirithiú maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus athléimneacht foraoisí, agus chun foraoisí bithéagsúla a athfhoraoisiú agus a fhoraoisiú, lena n-áirítear 3 bhilliún crann breise a phlandú faoi 2030. Aithnítear sa Straitéis freisin an gá atá le dreasachtaí airgeadais d'úinéirí agus bainisteoirí foraoise chun cainníocht agus cáilíocht fhoraoisí an Aontais a fheabhsú.

[6] 10914/21 + ADD 1 - COM(2021) 572 final + ADD 2 + ADD 3.

Chun a áirithiú go mbeidh an tAontas agus na Ballstáit in ann a léiriú le chéile go bhfuil siad ar an mbóthar ceart agus gur féidir leis na foraoisí freastal ar na héilimh agus ar na feidhmeanna éagsúla sin, aithnítear sa Straitéis go bhfuil gá le **pleanáil straitéiseach foraoise** i ngach Ballstát san Aontas ar an leibhéal náisiúnta agus, i gcás inarb infheidhme, ar an leibhéal réigiúnach. Ba cheart go mbeadh an phleanáil sin bunaithe ar **fhaireachán agus sonraí iontaofa**, ar rialachas trédhearcach agus ar mhalartú comhordaithe ar leibhéal an Aontais. Maidir leis sin, tá **togra reachtach** beartaithe le haghaidh **Creata Breathnóireachta, Tuairiscithe agus Bailithe Sonraí Foraoise** d'fhonn creat comhtháite faireacháin ar fhoraoisí ar fud an Aontais a bhunú, ina n-úsáidfear teicneolaíochtaí cianbhraiteachta agus sonraí geospásúla a chomhtháthófar le faireachán ar an talamh, rud a chuirfidh feabhas ar chruinneas an fhaireacháin.

Cuirtear ról ríthábhachtach **an taighde agus na nuálaíochta** i dtábhacht sa Straitéis, chomh maith le deiseanna chun dlús a chur le nuálaíochtaí digiteacha a chur i bhfeidhm ar an bhforaoiseacht, ar limistéir thuaithe agus ar fud slabhraí luacha, agus dlús a chur le glacadh nuálaíochtaí a bhaineann le foraoisí, chun malartú eolais, comhar, oideachas agus oiliúint a chur chun cinn.

Dírítear sa Straitéis freisin ar **chreat rialachais foraoise an Aontais a bheidh cuimsitheach agus comhleanúnach a chur chun feidhme**, lena ndírítear ar rannpháirtíocht luath chomhsheasmhach na saineolaithe ó na Ballstáit i ngach gníomhaíocht a bhaineann le foraoisí, lena n-áirítear sainmhínithe ar fhoraoisí príomhúla agus cianaosta a mholadh, agus ar **chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú *acquis* an Aontais atá ann cheana a neartú**.

Tá dhá Dhoiciméad Inmheánacha Oibre de chuid an Choimisiúin ag gabháil leis an Straitéis: *Staff Working Document on the Stakeholder Consultation and Evidence Base* [Doiciméad Inmheánach Oibre ar Bhonn Comhairliúcháin agus Fianaise na nGeallsealbhóirí] agus *Staff Working Document on the 3 Billion Tree Planting Pledge for 2030* [Doiciméad Inmheánach Oibre ar Ghealltanas Plandála 3 Bhilliún Crann do 2030].

**Ceisteanna a moladh maidir le tuairimí a mhalartú ag cruinniú Chomhairle na nAirí Comhshaoil an 6 Deireadh Fómhair 2021:**

1. *An léirítear go hiomchuí i Straitéis nua Foraoise AE do 2030 na Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais, ina leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le héiceachórais foraoise shláintiúla agus athléimneacha, a chomhlíonann ilfheidhmeanna, agus a thábhachtaí atá sé na foraoisí príomhúla agus cianaosta atá fós ann a chosaint?*

2. *An bunús maith í Straitéis nua Foraoise AE do 2030 don Aontas a bheith ina cheannródaí ar fud an domhain trí dhea-shampla a thabhairt, maidir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí, ar dea-shampla é lena rannchuidítear le cuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta agus le bithgheilleagair chobhsaí foraoisbhunaithe?*

---